

**24**  
BEALTAINE  
2019



AN TREOIRLEABHAR NEAMHSPLÉÁCH AR AN REIFREANN MAIDIR LE

# **COLSCARADH** **A RIALÁIL**

**TÁ CUMHACHT**  
**LE DO VÓTA**



An Coimisiún Reifrinn  
Referendum Commission

Comhlacht neamhspleách is ea an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn, 1998. Is é an ról atá aige faisnéis atá cruinn agus neodrach a chur ar fáil don phobal roimh reifreann ar thogra chun an Bunreacht a leasú.

#### Is iad comhaltaí an Choimisiúin:

An Breitheamh Onórach Tara Burns, *An Cathaoirleach*

An tUasal Seamus McCarthy, *An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

An tUasal Peter Tyndall, *An tOmbudsman*

An tUasal Peter Finnegan, *Cléireach Dháil Éireann*

An tUasal Martin Groves, *Cléireach Sheanad Éireann*

#### An Coimisiún Reifrinn

18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, Éire, D02 HE97.

**Teileafón:** 01 639 5695

**Íosghlao:** 1890 270 970

**Ríomhphost:** [refcom@refcom.ie](mailto:refcom@refcom.ie)

**Suíomh gréasáin:** [refcom.ie](http://refcom.ie)



 @Refcom\_ie

 [facebook.com/referendumcommission](https://facebook.com/referendumcommission)

 [instagram.com/refcom\\_ie](https://instagram.com/refcom_ie)

Is féidir an foilseachán seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin [refcom.ie](http://refcom.ie). Tá sé ar fáil i **mBraille**, ar **Dhlúthdhiosca** agus i **bhformáid téacs mhóir** ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI). Tá sé ar fáil freisin i **dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann** ar shuíomhanna gréasáin Chumann Bodhar na hÉireann ([www.irishdeafcommunity.ie](http://www.irishdeafcommunity.ie)) agus Chime ([www.chime.ie](http://www.chime.ie)).



a a

I S L

# Réamhrá

Ar an 24 Bealtaine 2019, iarrfar ort vóta a chaitheamh ar thogra chun Bunreacht na hÉireann a athrú i ndáil leis an gcolscaradh. Tá an treoirleabhar seo ullmhaithe ag an gCoimisiún Reifrinn, a bhfuilimse i mo Chathaoirleach air, chun cuidiú leatsa na hathruithe atá beartaithe a thuiscint.

Is é an Bunreacht dlí bunúsach an Stáit. Is ag an bpobal amháin atá an chumhacht chun é a athrú, ní ag an Rialtas ná ag ár dTeachtaí Dála ná ár Seanadóirí.

Is faoin gCoimisiún Reifrinn é míniú a thabhairt ar an athrú atá beartaithe ar an mBunreacht, agus daoine a spreagadh lena vóta a úsáid. Nílimid ag moladh vóta a chaitheamh ar son ‘Tá’ ná ‘Níl’. Má éistean tú leis na hargóintí atá á ndéanamh ar gach aon taobh den togra seo, agus má léann tú an fhaisnéis neamhspléach neodrach atá á soláthar againne, ba cheart go gcuideodh an méid sin leat do chinneadh a dhéanamh. Is daoine eile a dhéanfaidh an cinneadh mura gcaithfidh tusa do vóta.

Beidh an vótáil ar siúl an lá céanna leis na toghcháin áitiúla agus leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, Dé hAoine, an 24 Bealtaine. Nuair a théann tú chun do vóta a chaitheamh, tabharfar páipéar ballóide duit i ndáil leis an reifreann seo, maille le páipéir bhallóide ar leithligh le haghaidh na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa agus le haghaidh na dtoghchán áitiúil.

Sa treoirleabhar seo, tugaimid míniú ar a bhfuil á mholadh, agus ar a leanfaidh as vóta Tá agus as vóta Níl. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin [www.refcom.ie](http://www.refcom.ie).



**Tara Burns**

An Cathaoirleach  
An Coimisiún Reifrinn

## An togra

Baineann an togra le dhá shaincheist a bhfuil baint acu leis an gcolscaradh, eadhon an fad nach mór do dhaoine a bheith ina gcónaí ar leithligh sula ndéanfar iarratas ar cholscaradh, agus aitheantas a thabhairt do cholscarthaí coigríche.

Is aon cheist amháin a bheidh ar an bpáipéar ballóide agus féadfaidh vótálaithe vóta a chaitheamh ar son ‘Tá’ chun an dá athrú a cheadú nó ar son ‘Níl’ chun diúltú don dá athrú. Ní féidir le vótálaithe glacadh le hathrú amháin agus diúltú don athrú eile.

# Staid reatha an dlí

## An colscaradh sa Stát

I dtosach, bhí toirmeasc sa Bhunreacht ar an gcolscaradh sa Stát.

Ritheadh reifreann, de mheon an phobail, sa bhliain 1995 lenar baineadh amach an toirmeasc ar an gcolscaradh trí chead a thabhairt do chúirt colscaradh a thabhairt nuair a dhéantar coinníollacha áirithe a shuíomh, lena n-áirítear:

- Go raibh, ar dháta thionscnamh na n-imeachtaí le haghaidh colscartha, ceithre bliana ar a laghad caite ag na céilí ina gcónaí ar leithligh le linn na gcúig bliana roimhe sin. Ní gá gur ceithre bliana as a chéile an tréimhse íosta ceithre bliana sin.
- Nach bhfuil ionchas réasúnach ar bith ann go mbeidh comhréiteach idir na céilí.
- Go ndearnadh socrú cuí, nó go ndéanfar socrú cuí le haghaidh na gcéilí, le haghaidh leanaí le ceachtar de na céilí nó leis an mbeirt acu agus le haghaidh aon duine eile a bheidh forordaithe le dlí.

Rith an tOireachtas an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 chun ar vótáil an pobal leis a chur in éifeacht, lena n-áirítear an tréimhse íosta idirscartha ceithre bliana.

## Aitheantas do cholscarthaí coigríche

Cuirtear toirmeasc leis an mBunreacht ar dhaoine a bhfuil colscaradh coigríche faighte acu, ar colscaradh coigríche é nach dtugtar aitheantas dó faoi dhlí na hÉireann, athphósadh an fad is beo don pháirtí eile sa chuing phósta.

Níor athraigh reifreann 1995, lenar cuireadh deireadh leis an toirmeasc ar an gcolscaradh, an fhoráil Bhunreacht sin.

Ní leagtar amach sa Bhunreacht na rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do cholscaradh coigríche. Faoin dlí mar atá, tá roinnt colscarthaí coigríche i dteideal aitheantais a fháil sa Stát. I láthair na huaire, bíonn rialacha aitheantais éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an áit a bhfuarthas an colscaradh coigríche agus an tráth a fuarthas é.

# Aon vóta amháin ach dhá athrú atá beartaithe

Ar an 24 Bealtaine 2019, fiafraítear díot an athrófar nó nach n-athrófar Airteagal 41.3 den Bhunreacht mar atá.

## Airteagal 41.3 mar atá

1. Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí.
2. Féadfaidh Cúirt a bheidh ainmnithe le dlí scaoileadh ar phósadh a thabhairt sa chás, ach sa chás amháin, gur deimhin léi –

i go raibh, ar dháta thionscnamh na n-imeachtaí, tréimhse ceithre bliana ar a laghad, nó tréimhsí ceithre bliana ar a laghad san iomlán, caite ag na céilí ina gcónaí ar leithligh óna chéile le linn na gcúig bliana roimhe sin,

ii nach bhfuil ionchas réasúnach ar bith ann go mbeidh comhréiteach idir na céilí,

iii go bhfuil cibé socrú ann, nó go ndéanfar cibé socrú, is dóigh leis an gCúirt a bheith cuí ag féachaint do na himthosca, le haghaidh na gcéilí, le haghaidh aon leanaí le ceachtar acu nó leis an mbeirt acu agus le haghaidh aon duine eile a bheidh forordaithe le dlí, agus

iv go gcomhlíontar aon choinníollacha breise a bheidh forordaithe le dlí.

3. I gcás pósadh duine ar bith a scaoileadh faoi dhlí sibhialta aon Stáit eile agus an pósadh sin, agus bail dlí air, a bheith ann fós faoin dlí a bheas i bhfeidhm in alt na huaire taobh istigh de dhlínse an Rialtais agus na Parlaiminte a bhunaítear leis an mBunreacht seo, ní fhéadfaidh an duine sin pósadh ar a mbeadh bail dlí a dhéanamh taobh istigh den dlínse sin an fad is beo don duine eile a bhí sa chuing phósta a scaoileadh amhlaidh.

Is é an togra atá sa reifreann:

1

**an t-alt seo a bhaint as an mBunreacht**  
agus na clásail dá éis a athuimhriú

agus:

2

**an téacs seo a leanas a chur in ionad an ailt seo:**

3. Féadfar socrú a dhéanamh le dlí chun aitheantas a thabhairt faoi dhlí an Stáit do scaoileadh ar phósadh arna thabhairt faoi dhlí sibhialta stáit eile.



## An toradh dlí a bheidh ag vóta TÁ

**Má vótálann tromlach Tá**, tiocfaidh athrú ar an mBunreacht.

**1** Ní cheanglófar feasta leis an mBunreacht ar dhuine a dhéanfaidh iarratas ar cholscaradh ceithre bliana ar a laghad a bheith caite aige nó aici ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh óna chéile nó óna céile. Leanfaidh an tréimhse íosta ceithre bliana de chónaí ar leithligh a leagtar amach san Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 d'fheidhm a bheith aici, mura rud é agus go dtí go n-athróidh an tOireachtas an dlí.

**agus**

**2** Tá an chumhacht ag an Oireachtas cheana féin chun dlíthe a dhéanamh lena dtugtar aitheantas do cholscarthaí coigríche. Déanfar cumhacht shainráite den chumhacht sin sa Bhunreacht.

Bainfear as an mBunreacht an toirmeasc bunreachtúil sainráite atá ar dhuine maidir le hathphósadh sa Stát, ar duine é nó í a fuair colscaradh coigríche nach dtugtar aitheantas dó faoi dhlí na hÉireann. Beidh toirmeasc fós ar athphósadh duine sa Stát mura mbeidh aitheantas tugtha dá cholscaradh coigríche nó dá cholscaradh coigríche faoi dhlí na hÉireann.



## An toradh dlí a bheidh ag vóta NÍL

**Má vótálann tromlach Níl**, ní dhéanfar aon athrú ar an mBunreacht.

**1** Leanfaidh ceanglas de bheith ann faoin mBunreacht nach foláir ceithre bliana ar a laghad a bheith caite ag daoine a dhéanfaidh iarratas ar cholscaradh ina gcónaí ar leithligh le linn na gcúig bliana roimhe sin. Ní bheidh an chumhacht ag an Oireachtas chun an méid sin a athrú.

**agus**

**2** Ní dhéanfar aon athrú ar chumhacht láithreach an Oireachtais chun dlíthe a dhéanamh lena dtugtar aitheantas do cholscarthaí coigríche.

Beidh an toirmeasc bunreachtúil sainráite atá ar dhuine maidir le hathphósadh sa Stát, ar duine é nó í a fuair colscaradh coigríche nach dtugtar aitheantas dó faoi dhlí na hÉireann, fós ann.

## Beidh an reifreann ar siúl Dé hAoine, an 24 Bealtaine 2019.

Caithefear vóta sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus sna toghcháin áitiúla an lá céanna. Caithefear vóta i gCathair Chorcaí, i gCathair agus i gContae Luimnigh agus i gCathair agus i gContae Phort Láirge freisin i dtaobh cibé acu ar chóir nó nár chóir méaraí dírhofa a bheith acu.

Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt **6 7 a.m. go dtí 10 p.m.**

Is féidir leat a sheiceáil an bhfuil tú cláraithe ar **checktheregister.ie**



## Incháilitheacht chun vóta a chaitheamh

Ní mór gach vótálaí a bheith ar chlár na dtoghthóirí. **Ní féidir ach le saoránaigh Éireannacha vótáil sa reifreann.** Is féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach, saoránaigh Éireannacha san áireamh, vótáil sna toghcháin Eorpacha agus sna toghcháin áitiúla. Ní féidir le daoine nach saoránaigh de AE iad vótáil ach amháin sna toghcháin áitiúla.

## Do stáisiún vótaíochta

Roimh an lá vótaíochta, ba cheart go bhfaighfeá cárta vótaíochta sa phost ar a n-inseofar duit cén stáisiún vótaíochta ar cheart duit do vóta a chaitheamh ann. Mura bhfaigheann tú cárta vótaíochta, is féidir leat vóta a chaitheamh fós, fad is go bhfuil tú cláraithe.

## Tabhair doiciméad céannachta leat

Ní gá do chárta vótaíochta a bheith leat chun vóta a chaitheamh. Is ceart duit, áfach, foirm bhaill éigin de dhoiciméad céannachta pearsanta a thabhairt leat – pas, ceadúnas tiomána, cárta seirbhísí poiblí, nó cárta céannachta fostaí nó mic léinn a bhfuil grianghraf air, mar shampla. Glacfar le foirmeacha eile de dhoiciméid chéannachta freisin – cárta creidmheasa nó deimhniú breithe, mar shampla – fad is go mbeidh doiciméad eile leat lena ndeimhneofar do sheoladh sa toghcheantar. B'fhéidir nach n-iarrfar cruthúnas ar chéannacht ort ach, má iarrtar ort é, caithfidh tú é a thaispeáint.

## Páipéir bhallóide

Tabharfar páipéar ballóide uaine do vótálaithe le haghaidh an reifrinn ar an lá vótaíochta. Beidh dathanna eile ar na páipéir bhallóide eile. Is féidir leat

féachaint ar pháipéar ballóide samplach don reifreann ar an gcéad leathanach eile.

Beidh tú ag caitheamh vóta ar an bpáipéar ballóide uaine i dtaobh an dtoilíonn tú nó nach dtoilíonn tú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá ar áireamh sa Bhille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phóisadh), 2016.

Caitheann tú do vóta sa reifreann trí 'X' a chur sa bhosca 'Tá' nó 'X' a chur sa bhosca 'Níl', ag brath ar an gcaoi ar mian leat vótáil. Ná cuir X ach in aon bhosca amháin nó ní chuirfead do vóta san áireamh. Ná cuir marc in aon áit eile ar an bpáipéar ballóide.

Ná déan dearmad go n-úsáidtear córas éagsúil chun vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha agus sna toghcháin áitiúla. Bí cinnte, mar sin, go léifidh tú na treoracha vótála a bhaineann le gach páipéar ballóide go cúramach.

# Páipéar Ballóide Samplach

An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?

Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?

An Bille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh), 2016

Thirty-eighth Amendment of the Constitution (Dissolution of Marriage) Bill 2016

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**

Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir **X** sa chearnóg seo.....

If you **approve**, mark **X** in this square .....

	<b>Tá</b> <b>Yes</b>
--	-------------------------

**Mura dtoilíonn** tú, cuir **X** sa chearnóg seo .....

If you do **not approve**, mark **X** in this square.....

	<b>Níl</b> <b>No</b>
--	-------------------------